AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.4.2016
COM(2016) 196 final

ANNEX 1

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le húsáid an Chórais Dul Isteach/Imeachta

{SWD(2016) 115 final}
{SWD(2016) 116 final}

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le húsáid an Chórais Dul Isteach/Imeachta

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 mar a leanas:

1. cuirtear Cuid D le hIarscríbhinn III:

"CUID D

Cuid D1: Lánaí le haghaidh Rialú Uathoibrithe Teorann do shaoránaigh AE/LEE/CH



Ní gá réaltaí don Eilvéis, do Lichtinstéin, don Iorua ná don Íoslainn

Cuid D2: Lánaí le haghaidh Rialú Uathoibrithe Teorann do náisiúnaigh tríú tír



Ní gá réaltaí don Eilvéis, do Lichtinstéin, don Iorua ná don Íoslainn

Cuid D3: Lánaí le haghaidh Rialú Uathoibrithe Teorann do gach cineál pas



Ní gá réaltaí don Eilvéis, do Lichtinstéin, don Iorua ná don Íoslainn"

2. Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

"1. I gcás ina mbeidh foráil déanta go sainráiteach maidir leis ina reachtaíocht náisiúnta, féadfaidh Ballstát stampáil a dhéanamh ar dhul isteach agus ar imeacht dóibh ar dhoiciméad taistil na náisiúnach tríú tír sin a bhfuil cead cónaithe acu a d'eisigh an Ballstát céanna i gcomhréir le hAirteagal 11. Ina theannta sin, i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn V, i gcás ina ndiúltófar cead dul isteach do náisiúnaigh tríú tír de bhun Airteagal 14, greamóidh an garda teorann stampa dul isteach den phas, arna chealú le cros scríofa i ndúch dubh doscriosta, agus scríobhfaidh sé os a chomhair ar thaobh na láimhe deise, i ndúch doscriosta arís, an litir nó na litreacha a bhaineann leis an gcúis nó leis na cúiseanna le cead dul isteach a

dhiúltú, atá luaite ar an bhfoirm chaighdeánach maidir le cead dul isteach a dhiúltú atá léirithe i gCuid B d'Iarscríbhinn V."

(b) Cuirtear pointe 1a isteach:

"Leagtar síos mionsonraí na stampaí sin sa Chinneadh ó Choiste Feidhmiúcháin Schengen SCH/COM-EX (94) 16 rev agus SCH/Gem-Handb (93) 15 (RÚNDA)."

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

"3. I gcás ina ndiúltófar cead dul isteach do náisiúnach tríú tír atá faoi réir na hoibleagáide víosa, déanfar, mar riail ghinearálta, an stampa a ghreamú den leathanach ar aghaidh an leathanaigh a bhfuil an víosa greamaithe de.

Mura féidir an leathanach sin a úsáid, cuirfear an stampa ar an gcéad leathanach eile. Ní chuirfear stampa ar an gcuid atá meaisín-inléite.

3. Leasaítear Cuid A d'Iarscríbhinn V mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(b):

"(b) i gcás náisiúnaigh tríú tír dar diúltaíodh cead dul isteach le haghaidh gearrfhanachta [nó ar bhonn víosa chamchuairte], déanfar na sonraí faoi dhiúltú dul isteach a chlárú in EES i gcomhréir le hAirteagal 6a(2) den Rialachán seo agus Airteagal 16 de [an Rialachán lena mbunaítear an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)]. Ina theannta sin, greamóidh an garda teorann stampa dul isteach den phas, arna chealú le cros scríofa i ndúch dubh doscriosta, agus scríobhfaidh sé os a chomhair ar thaobh na láimhe deise, i ndúch doscriosta arís, an litir nó na litreacha a bhaineann leis an gcúis nó leis na cúiseanna le cead dul isteach a dhiúltú, atá luaite ar an bhfoirm chaighdeánach maidir le cead dul isteach a dhiúltú atá léirithe i gCuid B den Iarscríbhinn seo;"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(d):

"(d) i gcás náisiúnaigh tríú tír nach ndéanfar a chlárú in EES gur diúltaíodh cead dul isteach dóibh, greamóidh an garda teorann stampa dul isteach den phas, arna chealú le cros scríofa i ndúch dubh doscriosta, agus scríobhfaidh sé os a chomhair ar thaobh na láimhe deise, i ndúch doscriosta arís, an litir nó na litreacha a bhaineann leis an gcúis nó leis na cúiseanna le cead dul isteach a dhiúltú, atá luaite ar an bhfoirm chaighdeánach maidir le cead dul isteach a dhiúltú atá léirithe i gCuid B den Iarscríbhinn. Ina theannta sin i gcás na gcatagóirí seo daoine, déanfaidh an garda teorann gach diúltú cead dul isteach a thaifeadadh i gclár nó ar liosta ina sonraítear céannacht agus náisiúntacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, mar aon le tagairtí an doiciméid lena n-údaraítear an náisiúnach tríú tír leis an teorainn a thrasnú agus an chúis atá le cead dul isteach a dhiúltú, agus dáta an diúltaithe;"

(c) cuirtear pointe 1(e) isteach:

"(e) Leagtar amach na socruithe praiticiúla maidir le stampáil in Iarscríbhinn IV."